Eagrán : Bealtaine 2024

NUACHTLITIR

Gaelscoil Thaobh na Coille

14/05/2024

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Beatha Teanga Í a Labhairt

## Féile na Sléibhe Dublin Mountains Festival




## Ambasadóirí na Scoile School Ambassadors

Tugadh cuireadh do 20 dalta ó bhanna ceoil na scoile seinm ag oscailt oifigiúil 'Féile na Sléibhe' i gCoill Tigh Bródáin ar 1 Bealtaine. Sheinn na daltaí ar feadh thart ar 15 nóiméad agus fuaireadar an-mholadh go deo ón slua a bhí i láthair. Ghearr Cathaoirleach Co. Co. Dún Laoghaire Rath an Dún ríbín mór glas le tús oifigiúil a chur leis an bhféile agus bhí grianghrafadóirí go leor ann ag glacadh grianghraif den ócáid. Nuair a bhí an chuid oifigiúil ar fad críochnaithe bhí deis ag na daltaí triail a bhaint as an gcúrsa treodóireachta i ngrúpaí de cheathrar. Bhaineadar an-taitneamh go deo as sin. Bhí picnic beag acu ina dhiaidh sin. Mar chríoch chuadar ar shiúlóid beag dúlra agus bileog ceisteanna faoin dúlra le líonadh acu agus iad ag siúl thart. Bhaineadar an-taitneamh go deo as an lá.

*20 pupils from the school band were invited to play at the official opening of The Dublin Mountains Festival in Tibradden on May 1st. The pupils played for about 15 minutes and were extremely well received by the crowd that was present. The Chairperson of DLR cut a big green ribbon to officially start the festival and the moment was captured by the many photographers who were present at the event. When the official part of the programme was over the pupils had the opportunity to try out the orientation course in groups of four. They enjoyed it hugely. They followed the orienteering with a small picnic and a short nature walk.*
*They thoroughly enjoyed their day.*

## Tástálacha Caighdeánaithe



Beimíd ag tabhairt faoi thástálacha caighdeánaithe a dhéanamh leis na páistí i rang a 1 go rang a 6 idir seo & deireadh na míosa. Ní theastaíonn uainn go mbeidh aon pháiste buartha faoi na tástálacha seo agus beimíd ag tabhairt fúthu ar bhealach réidh, suaimhneach gan aon chlampar nó rud mór a dhéanamh astu. B'fhearr linn go ndéanfaí a laghad cainte is gur féidir fúthu sa bhaile freisin!

Is sa Ghaeilge, sa Bhéarla & sa Mhatamaitic amháin a déantar na tástálacha seo. Déanann tástálacha i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic gnóthachtáil do pháiste a thomhas, i gcomparáid le páistí eile i ngach scoil sa rang céanna nó sa leibhéal céanna aoise. Déanann an tástáil chaighdeánaithe i léamh na Gaeilge gnóthachtáil pháiste a thomhas, i gcomparáid le páistí eile i scoileanna ina múintear trí Ghaeilge sa rang céanna nó sa leibhéal céanna aoise. **Ní léiríonn siad cumas nó éirim iomlán do pháiste.**

Úsáideann an múinteoir go leor bealaí éagsúla chun samhail foghlama do pháiste a chruthú le linn na bliana ní hamháin sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Matamaitic ach 'sna hábhair ar fad eile freisin. Úsáideann an múinteoir an deimhniú seo chun gnóthachtáil do pháiste a cheiliúradh agus chun na chéad chéimeanna eile a theastaíonn chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh a phleanáil.

D'fhéadfadh torthaí na dtástalacha sainréimsí laige nó láidreachta a d'fhéadfadh a bheith ag do leanbh a aithint agus cabhróidh sé sin leis an múinteoir pleanáil dá réir.

**SCOIL DÚNTA**


**DÉ hAOINE 07/06/2024**

**do na Toghacháin Áitiúla agus Eorapacha**

## Standardised Testing

*We will be undertaking standardised tests with the children from rang a 1 to rang a 6 between now and the end of the month. We don't want any child to worry about these tests and we will be administering them in a calm, relaxed way without making a big deal out of them. We would like it if there was as little talk as it is possible about them at home too!*

*These tests are carried out in Gaeilge, English & Mathematics only. Standardised tests in English reading and maths measure your child's achievement compared to other children in all schools at the same class or age level. The standardised test in Irish reading measures a child's achievement compared to other children in Irish-speaking schools at the same class or age level.* ***These tests do not reflect your child's full potential, ability or overall intelligence.***




*The teacher uses many different ways to build a picture of your child's learning during the year not only in Irish, English and Maths but in all the other subjects too. The teacher uses this complete picture to celebrate your child's achievements and to plan the next steps needed to build on progress made.*

*The test results could highlight specific areas of weakness or strength that your child may have and in so doing will help the teacher to plan accordingly.*



## Cóineartú & Céad Chomaoineach Confirmation & First Communion



Bhí ceiliúradh mór Cóineartaithe ag daltaí rang a 6 ag deireadh na míosa seo caite. Bhí an searmanas ar fad go hálainn a bhuíochas; do na páistí a ghlac páirt ghníomhach sa searmanas, do na múinteoirí ranga Sarah Ní Fhallamháin agus Colm Ó Coisdealbha a d'ullmhaigh na páistí don sacraimint, do chór rang a cúig a chan chomh binn agus do na Múinteoirí a sheinn ar an lá. Buíochas speisialta leis an tAthair Sean Ó Dúshláinne, Gillian Uí Dhuibhir agus foireann uile an pharóiste as an chabhair ar fad a thug siad dúinn ní hamhain ar lá an Chóineartaithe agus i rith na bliana.

Míle buíochas le Tuismitheoirí R5 agus baill Choiste na dTuismitheoirí a réitigh an halla agus a chuir soláistí fíor-álainn agus flaithiúil ar fáil do chách ar lá an Chóineartaithe. Tá a fhios agam go bhfuil tuistí R6 thar a bheith buíoch díbh mar gur chuir an ócáid shóisialta seo go mór leis an lá speisialta.

*Our sixth class pupils made their Confirmation at the end of April. The ceremony itself was absolutely beautiful thanks to; the pupils reverential and full participation in the ceremony, the class teachers Sarah Ní Fhallamháin and Colm Ó Coistealbha for preparing their pupils for the sacrament, the choir from fifth class who sang like angels and to the teachers who played beautifully on the day. Buíochas speisialta to Father John Delaney, Gillian O'Dwyer and all the parish team for all their help on the day and during the year.*

Míle buíochas le Tuismitheoirí R5 and Coiste na dTuismitheoirí who set up the hall and who provided an incredible array of cakes, savouries and sandwiches for all to enjoy after the ceremony. I know it was greatly appreciated by the parents R6 on what is a very special family day.



Beidh lá mór ag R2A & R2B ar an Satharn seo ag teacht nuair a cheiliúrfaidh siadsan a gCéad Chomaoineach. Tá siad gnóthach ag ullmhú don lá mór, ag foghlaim a gcuid paidreacha agus ag teacht isteach ar ghnásanna an aifrinn. Tá a fhios agam go bhfuil siad ag guí freisin go bhfillfidh an aimsir álainn a bhí againn ag an deireadh seachtaine le go mbeidh siad in ann sport agus spraoi a bheith acu i ndiaidh an tsearmanais ar na preabchaisleáin ar fad atá curtha in áirithe don lá!

*This coming Saturday R2A & R2B will celebrate their First Communion. They are busy preparing for the big day, learning their prayers and getting acquainted with the customs of the mass. I know they are also praying that the beautiful weather we had at the weekend will return so they can have lots of fun after the ceremony on the numerous bouncy castles that have been booked for the day!*



## Imreoirí Cispheile

I mí Aibreáin d'imir 4 bhuachaill ó Ghaelscoil Thaobh na Coille; Joshua Ó Cathmhaoil (R5A), Saul Mac an Ghill (R5A), Faolán Mac Domhnaill (R5A) & Jack Laighléis (R6A), ar fhoireann cispheile a gclub UCDMARIAN i gcluiche ceannais 'Top 4' agus bhuaigh siad le 1 phointe. Bhuaigh siad gach cluiche sa léig agus ansin bhuaigh siad an cluiche ceannais.

## Basketball Players

*In April 4 boys from Gaelscoil Thaobh na Coille; Joshua Ó Cathmhaoil (R5A), Saul Mac an Ghill (R5A), Faolán Mac Domhnaill (R5A) & Jack Laighléis (R6A), represented their Club basketball team UCDMARIAN in the Top 4 final and won by 1 point. They won the league going undefeated and went on to win the final.*

Comhghairdeas libh a bhuachaillí!



## Turas chun na Breataine Bige  A Trip to Wales



D'eagraíomar turas thar oíche go dtí an Bhreatain Bheag do dhaltaí rang a 6 díreach i ndiaidh na Cásca. Chuamar chuig Ionad Eachtraíochta Glan Llyn (urdd.cymru) lenár gcairde ó Ysgol Gymraeg Morswyn. Thaistealaíomar le Stena ó Chalaphort Átha Cliath go Holyhead sa Bhreatain Bheag maidin Luan 8 Aibreán. Chas daltaí Ysgol Gymraeg Morswyn orainn ansin agus thaistlíomar ar bhus uaidh sin go hionad eachtraíochta Glan-llyn. Ionad eachtraíochta í seo ina labhraítear an Bhreatnais amháin. D'fhanamar thar oíche san ionad féin i Glan Llyn agus d'fhilleamar abhaile ar an mbád arís an oíche dar gcionn – Máirt 9 Aibreán.

Ghlac na daltaí páistí páirt i gceithre ghníomhaíocht eachtraíochta thar an dá lá; tógáil rafta, curachóireacht, dreapadóireacht balla & cúrsa téad ard. Labhair na treoraithe Breatnais leis na páistí don chuid is mó mar sin bhí tumoideachas iomlán ar siúl. B'íontach mar a bhí na páistí in ann na treoracha a leanúint gan tuiscint a bheith acu ar an mBreatnais.

Um tráthnóna tháinig fear isteach chun taispeántas ullcabháin a chur ar siúl. Bhí sé sin an-spéisiúil go deo. Críochnaíodh imeachtaí an lae le cluichí spóirt agus discó beag. Cé go raibh na páistí tuirseach traochta faoin am sin thóg sé tamaillin orthu dul a chodladh mar go rabhadar ag baint an-sult as a bheith ag roinnt seomraí lena chéile ach é sin ráite bhí gach duine ina sámh chodladh faoine 12 a chlog!

Bhíomar thar a bheith sásta le hiompar agus le cur chuige na bpáistí agus muid ar an turas chun na Breataine Bige. Bhíodar béasach, dea-mhúinte, cairdiúil cneasta agus leanadar treoracha agus rialacha mar ba chuí. Bhíomar thar a bheith bródúil astu. Tá súil againn gur bhaineadar taitneamh agus sult as an turas agus go mairfidh na cuimhní leo amach sa saol

*We organised an overnight trip to Wales for our 6th class pupils just after Easter. We went to Glan Llyn Adventure Center (urdd.cymru) with our friends from Ysgol Gymraeg Morswyn. We traveled with Stena from Dublin Port to Holyhead in Wales on the morning of Monday 8th April. The pupils of Ysgol Gymraeg Morswyn met us there and we traveled by bus from there to Glan Llyn. This is an adventure center where only Welsh is spoken. We stayed overnight at the center in Glan Llyn and returned home on the boat again the following night - Tuesday 9th April.*

*The children took part in four different activities over the two days; raft building, canoeing, wall climbing & high ropes course. The guides spoke Welsh to the children for the most part so the children were totally immersed in the language. It was amazing how the children were able to follow the instructions without understanding or speaking Welsh.*

*In the evening a man came in to put on an owl display. That was extremely interesting. The day's events ended with sports games and a short disco. Although the children were very tired by then it took a while for them to go to sleep because they were enjoying sharing rooms with their friends. That being said everyone was sound asleep by 12 o'clock!*

*We were extremely pleased with the behaviour and attitude of the children during the trip to Wales. They were polite, well mannered, friendly and they followed instructions and rules as appropriate. We were extremely proud of them. We hope that they enjoyed the trip and that the memories will last them a lifetime.*

# An Bhreatain Bheag





Dhúisigh mé go moch ar maidin ag a 5:30. Bhuaileamar le chéile ar scoil agus chuamar go Calafort Bhaile Átha Cliath. Fuaireamar ar an Stena Line agus bhí an-craic againn. Thuirlíomar den bhád agus shroicamar an ionad eachtraíochta



Fuaireamar ár seomraí agus bhí grúm bheag le n-ithe againn. Chuamar amach san uisce ar canú agus thógamar rafta le bhadhraid agus bainille freisin. D'itheamar ár ndinnéar agus chonaic muid séo. D'imríomar spórt éagsúla agus thiteamar inár gcodladh.



Dhúisíomar an lá dar gcionn, agus bhí bricfeasta againn. Bhíomar ag dreapadh ar bhallaí agus ag siúl ar chúrsa ropa. Phaicáileamar ár málaí agus d'itheamar pictúr. Chuamar ar bhus agus d'fhágamar Glan Llyn.



Thuirlíomar ag Tygol agus d'imríomar peil le chéile. D'fhágamar slán le muintir Bhreatain Bige. Chuamar go dtí Calafort Holyhead agus fuaireamar arais ar an Stena Line.

Created by [illegible]. Look out for my other resources on Tes.

Le Seán





















## Féilire Imeachtaí Scoile — Bealtaine/Meitheamh

| | |
|---|---|
| 18/05/2024 | R2 CÉAD CHOMAOIMEACH |
| 23/05/2024 | Comórtas LÚTHCHLEASAÍOCHTA Chumann na mBunscol |
| 30/05/2024 | N2 Turas Ranga – An Zú |
| 03/06/2024 | Lá Saoire Poiblí - Scoil Dúnta |
| 04/06/2024 | SPÓRT & SPRAOI |
| 05/06/2024 | SPÓRT & SPRAOI (Rásanna N1/N2) |
| 06/06/2024 | SPÓRT & SPRAOI (Rásanna R1 go R6) & N1 Turas Ranga |
| 07/06/2024 | Toghacháin Eorapacha & Áitiúla – Scoil Dúnta |
| 10/06/2024 | Cuairt N1 2024/2025 1pm go 2pm |
| 12/06/2024 | SEÓ TALLAINNE 2024 |
| 13/06/2024 | BLIOTS Camógaíochta Cill Macoda na Crócaigh |
| 14/06/2024 | Comórtas LÚTHCHLEASAÍOCHTa na nGaelscoileanna |
| 17/06/2024 | R1 Turas Ranga 'Grennan Maze' |
| 18/06/2024 | R5 Turas Ranga 'Alive Outside' Eastáit Chill Ruaidhrí |
| 18/06/2024 | R3 Turas Ranga – An Graí Naisiúnta |
| 20/06/2024 | R2 Turas Ranga 'Squirrel Scramble' Eastáit chill Ruaidhrí |
| 26/06/2024 | R6 CEILIÚRADH CINN CHÚRSA 7pm |
| 28/06/2024 | Scoil ag Dúnadh do SHAOIRE an tSAMHRAIDH |




TÁ ROINNT ÁITEANNA FÓS AR FÁIL SA SCOIL DO RANG NAÍONÁIN SHÓISEARACHA 2024/2025

THERE ARE STILL SOME PLACES AVAILABLE FOR OUR 2024/2025 JUNIOR INFANTS CLASS



## Cuairt na Naíonáin

Ba mhaith linn cuireadh a thabhairt do naíonáin shóisearacha na bliana seo chugainn teacht ar scoil ar an Luan 10 Meitheamh 1.00 pm -2.00 pm chun bualadh lena múinteoirí agus a gcomhscoláirí

*We would like to invite next year's junior infants to come 'ar scoil' on Monday 10th June 1.00 pm -2.00 pm to meet their teachers and new classmates*

Tae & caifé sa halla do na tuistí
*Tea & coffee in the hall for parents*

## Cá bhfuil an Ghrian?



Éide scoile samhraidh ceadaithe nuair a thagann an ghrian agus an teas ar ais

*Summer uniform allowed once the sun and heat comes back*


THANK YOU

Gaelscoil Thaobh na Coille

FOR YOUR DONATION OF

€700.26

Thank you for your wonderful generosity. With your support and together with global communities, we have helped to create positive, lasting change all over the world.
Because it's only when we work together that we can build a truly just world.

Trócaire

www.trocaire.org

## Féilire Scoile 2024/2025




Féilire Scoile 2024/2025 le fáil ar shuíomh ghréasáin na scoile www.taobhnacoille.ie
*2024/2025 School Calendar to be found on school's website page www.taobhnacoille.ie*



## SEÓ TALLAINNE 2024

12 Meitheamh

**Iarratais** roimh an Aoine **24 Bealtaine**

## CÚRSAÍ SPÓIRT

Ghlac cailíní agus buachaillí Rang a 3A (An Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte) agus 3B (An Múinteoir Ciara Ní Bháille) páirt i mbliots Iomána Bliantúil CLG Naomh Ólaf agus d'éirigh go hiontach leis an dhá rang. Is cúis bród é don scoil gur éirigh le R3B craobh Corn Andy Gibbons a bhaint amach. Chailleadar le scór amháin sa deireadh i gcoinne Scoil Mhuire Cois Bóthair (Cill Tiarnáin). Bhí an bua ag Rang a 3A i gcoinne Gaelscoil na Fuinseoige (Baile an Teampaill) i gcraobh an Phláta.



Tá ag éirí thar barr leis an scoil ó thaobh cúrsaí iomána agus camógaíochta Cumann na mBunscol i mbliana. Deich gcluiche as a chéile atá buaite acu. Tá an scoil ag glacadh páirt i gceithre chomórtas agus is iad An Múinteoir Jack Ó Loineacháin, An Múinteoir Ciara Ní Bháille, An Múinteoir Sarah Ní Fhallamháin agus An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh atá i mbun traenála agus bainistiú na foirne.

Bhí bua den scoth ag foireann Sinsear Camógaíochta na scoile i gcoinne Scoil Cholmcille Naofa (Cnoc Liamhna) agus Scoil an Easpaig Ó Gealbháin (Teach Mealóg) i gCorn Uí Phuirséil (Roinn 1 BÁC). Níl Gaelscoil ar bith eile sa chathair ag iomaíocht i Roinn a 1 fiú. Tabharfaidh siad aghaidh ar Scoil Náisiúnta Cailíní Naomh Pius X (Tír an Iúir) i bPáirc na dTor Dé Céadaoin. Beidh Leath Chraobh bainte amach acu in ainneoin toradh an chluiche sin.

Tá foireann Sinsear Iomána na scoile tar éis an cheann is fearr a bhaint amach ar Scoil Lorcáin A (Baile na Manach), Scoil Lorcáin B, Scoil Shóisear Coláiste Naomh Mhíchíl (Bóthar Aelsbaire), Scoil Naithí (Baile an tSaoir) agus Scoil Mológa (Crois Araild). Chríochnaigh siad ar bharr na sraithe agus tá leath chraobh bainte amach acu anois.

Bhí an bua ag foireann Sóisear Iomána na scoile i gcoinne Scoil Olaf (Baile Amhlaoibh) agus Scoil an Bhriathar Dhiaga (Gráinseach Mharlaí). Má éiríonn leo an ceann is fearr a bhaint amach i gcoinne Scoil Náisiúnta Buachaillí Réalt na Mara (Dumhach Thrá), beidh an léig buaite acu.

## SPORTS UPDATE

*The girls and boys of Rang a 3A (An Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte) and Rang a 3B (An Múinteoir Ciara Ní Bháille) competed very strongly in the annual Naomh Ólaf GAA Club 3rd Class Hurling competition. It's a source of great pride for the school that both classes reached finals. Rang a 3B narrowly lost the Andy Gibbons Cup Final against Our Lady of the Wayside NS (Kilternan) while Rang a 3A overcame the challenge of Gaelscoil na Fuinseoige (Churchtown) to secure the Andy Gibbons Bowl for the school.*

*The school's Cumann na mBunscol hurling and camogie teams have excelled this year, winning their 10 opening matches, across the senior and junior competitions. An Múinteoir Jack Ó Loineacháin, An Múinteoir Ciara Ní Bháille, An Múinteoir Sarah Ní Fhallamháin agus An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh have been training and managing the four teams.*

*The Senior Camogie team have recorded hugely impressive victories against St. Colmcille's NS (Knocklyon) and Bishop Galvin SNS (Templeogue) in the Division 1 Cumann na mBunscol competitions. They face St. Pius X GNS (Terenure) in Bushy Park on Wednesday. They have reached the Semi-Final regardless of the outcome of that match. Gaelscoil Thaobh na Coille are the only Gaelscoil competing in Division 1 so to reach the knockout phase is a fantastic achievement.*



*The Senior Hurling team have beaten Scoil Lorcáin A (Monkstown), Scoil Lorcáin B, Scoil St. Michael's College Junior School (Ailsbury Road), Scoil Naithí (Ballinteer) and Scoil Mológa (Harolds Cross) on route to topping their group and qualifying for a Semi Final.*

*The Junior Hurling team have to date recorded comprehensive victories against St. Olaf's NS (Balally) and Divine Word NS (Marlay Grange). They face a tough challenge against Star of the Sea BNS (Sandymount) and should they succeed, they will win the Junior League title.*

